ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
THE **NEW IRELAND** IS FOR EVERYONE

# TIONÓL NA mBAN BHÉAL FEIRSTE

**Tuairisc ar**
**Thionól na mBan i mBéal Feirste**
**27 Meitheamh 2023**



**MNÁ NA hEIREANN** ABAIR LEAT

Sinn Féin
www.sinnfein.ie/futureofireland

# AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA hÉIREANN

Chuir Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann ar bun i mí na Samhna 2021. Is é a shainchúram dul i mbun comhairliúchán pobail le muintir na hÉireann agus go hidirnáisiúnta ar thodhchaí na hÉireann.

Bainfear é seo amach ar roinnt bealaí: trí Thionóil an Phobail a eagrú ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta; trí aighneachtaí scríofa a bhailiú agus a chur le chéile; trí chruinnithe earnála a reáchtáil agus trí rannpháirtíocht phríobháideach a dhéanamh.

Cuirfear tuarascáil deiridh le chéile ag deireadh an tionscadail. Seo tuairisc ar Thionól na mBan i mBéal Feirste a bhí ar siúl in Óstán Europa ar an 27 Meitheamh 2023.

Labhair Leas-Chathaoirleach an Choimisiúin, an Seanadóir Lynn Boylan, ag tús an chruinnithe.

Tá físeán de Thionól na mBan i mBéal Feirste ar fáil ar YouTube: **Belfast Women's Assembly on the Future of Ireland - YouTube**

I láthair na huaire tá breis agus 150 tuairim faighte ag an Choimisiún um Thodhchaí na hÉireann ó réimse leathan de dhaoine aonair agus grúpaí leasmhara.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir tuairimí a chur in iúl don Choimisiún go fóill ag commission@sinnfein.ie nó tríd an leathanach gréasáin seo a leanas **www.sinnfein.ie/ futureofireland**

## CLÁR IMEACHTAÍ AN FHÓMHAIR/AN GHEIMHRIDH

- Tionól an Phobail i bPort Láirge – 12 Deireadh Fómhair 7.30in – Óstán an Túir, Port Láirge
- Tionól Ghaeltacht Chonamara, 27 Samhain 7.30pm - An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

# RÉAMHRÁ

"In ainneoin an róil lárnaigh a bhí ag mná i stair na hÉireann, is minic nach mbíonn a nglórtha le cloisteáil. In Éirinn nua caithfidh áit chomhionann a bheith ag mná sa tsochaí.Tugann Tionól na mBan deis anocht daoibhse, mná an cheantair seo, bhur gcuid tuairimí a chur in iúl."

Seo mar a labhair Seanadóir Shinn Féin Lynn Boylan ag an chúigiú imeacht poiblí arna reáchtáil ag an Choimisiún agus Tionól na mBan á eagrú aige den chéad uair.

Agus é ar siúl san Óstán Europa ar an 27 Meitheamh, dúirt an Seanadóir Lynn Boylan fosta

"Tá mná ar fud na hÉireann faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an ggcríochdheighilt. Leanann mná ar aghaidh le bheith ag plé le dhá chóras airgeadra, dhá shraith rialachán, dhá chóras baincéireachta, gníomhaireachtaí a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, aeráide agus sláinte nach bhfuil ag teacht lena chéile. Baineann tionól seo na mban le rannpháirtíocht phobail phobail a spreagadh sa chomhrá leanúnach faoinár dtodhchaí chomhroinnte."

Tháinig breis is céad bean i gceann a chéile chun a dtuairimí a chur in iúl ar Thodhchaí na hÉireann ag Tionól na mBan i mBéal Feirste.

Eilish Rooney, Scoláire Emeritus de chuid Ollscoil Uladh agus ball de Ghrúpa na gComhráite Bunreachtúla a bhí ina Cathaoirleach neamhspleách ar an seisiún.

Thacaigh Cuisle Nic Liam le Eilish ar an oíche gur chuir seirbhís aistriúcháin ar fáil lena chinntiú go raibh ar mian leo tuairimí a chur in iúl i nGaeilge in ann é sin a dhéanamh.



Ceapadh Cathaoirleach Shinn Féin, Declan Kearney, mar Chathaoirleach ar an Choimisiún.



Beidh an Seanadóir Lynn Boylan ina Leas-Chathaoirleach.




# ÓRÁID TOSAIGH ÓN tSEANADÓIR LYNN BOYLAN

Labhair an Seanadóir Lynn Boylan ag tús an tseisiúin go ndúirt go raibh láithreacht an oiread sin ban ag an imeacht mar fhianaise ar an mhóiminteam méadaitheach sa phlé ar an todhchaí sin.

Ba shuntasach an freastal agus éileamh ar an imeacht seo agus cuireadh liosta feithimh ar bun mar gheall ar an éileamh ar áiteanna.

Lean Lynn ar aghaidh le rá, "Tá súil againn go mbeidh tionól na mban seo ar an chéad cheann i sraith comhráite ar an cheist seo."

Chuir sí fáilte ó chroí freisin roimh na daoine a bhí i láthair ón chultúr aontachtach agus dúirt go gcaithfí fáilte a chur in Éirinn nua roimh gach duine agus go gcaithfí meas a léiriú ar gach traidisiún agus creideamh agus iad a fhorbairt.

D'iarr sí orthu siúd ach go háirithe a bheith mar chuid den chomhrá agus d'iarr sí orainne go léir a bheith ag pleanáil don todhchaí le chéile.

Lean Lynn ar aghaidh ag rá,

"Tá muid anseo i mBéal Feirste, an áit ar tháinig Mary Ann McCracken ar an tsaol. Rugadh i mBéal Feirste í i mí Iúil 1770 do theaghlach saibhir Preispitéireach. I mí Iúil 1798 gearradh pianbhreith ar a dearth....ir Henry Joy McCracken mar gheall ar an pháirt a ghlac sé in Éirí Amach na nÉireannach Aontaithe.

"Smaointeoir radacach agus leasaitheoir sóisialta a bhí inti, a bhí go mór in éadan na sclábhaíochta agus na bochtaineachta, cara leis na daoine faoi mhíbhuntáiste, agus thacaigh sí le cearta na mban.

"Léirigh Mary Ann, cosúil le go leor ban sa réimse seo, laochas, ceannaireacht agus tiomantas do cheartas sóisialta agus saoirse.

"In ainneoin an róil lárnaigh a bhí ag mná le linn stair na hÉireann, is minic nach mbíonn a nglór le cloisteáil.

"In Éirinn nua caithfidh áit chomhionann a bheith ag mná sa tsochaí.

"Ó cuireadh i bhfeidhm an chríochdheighilt b'éigean dár n-oileán oibriú mar a bheadh lámh amháin againn faoi cheangal taobh thiar dár ndroim. Is mar thoradh ar an chríochdheighilt a fágadh mná ar fud na hÉireann faoi mhíbhuntáiste.

"Tá taithí ag go leor agaibh sa seomra seo ar an bhriseadh croí a bhaineann le daoine óga a bhfuil iachall orthu dul ar imirce mar gheall ar easpa post, deiseanna agus tithíochta inár dtír.

"Tá leanaí ar an dá thaobh den teorainn ag fanacht le blianta fada ar chúram sláinte agus laethanta feithimh ár ndaoine scothaosta ar thralaithe de réir mar a bhíonn seirbhísí ag fulaingt de bharr tearc-infheistíochta.

"Tá athrú bunreachtúil i ndán dúinn gan aon amhras"

"Tá comhráite ar siúl ar fud na tíre – inár n-áiteanna oibre, inár n-ollscoileanna, agus muid ag fágáil ár gcuid páistí ag geataí na scoile agus ag an chluiche ar an Domhnach.

"Ní mór do Rialtas na hÉireann Tionól Saoránach a bhunú láithreach chun tús a chur leis an obair phleanála don todhchaí. Ba cheart go n-aontódh sé le Rialtas na Breataine dáta daingean a shocrú don reifreann aontachta dá bhforáiltear i gComhaontú Aoine an Chéasta.

"Is tréimhse spreagúil é seo dúinn go léir; lán de dheiseanna agus dóchas do thodhchaí níos fearr.

"Sin an fáth go gcaithfimid é a chur i gceart.

"Beidh ár ndaonlathas náisiúnta bunreachtúil nua ag eascairt as aistriú a tharlóidh de réir a chéile agus sin an fáth gur cheart tosú anois ar an phleanáil agus ar an ullmhúchán.

"Ba cheart go mbeadh an pobal páirteach ag tús an phróisis sin, ní ag an deireadh.

"Is é atá i gceist leis an Choimisiún um Thodhchaí na hÉireann cuireadh a thabhairt d'oibrithe, ceardchumainn, úinéirí gnó, gníomhaithe pobail, mná, ár n-óg, ár bpobail LGBTQ+, Gaeilgeoirí, lucht acadúil, ár bpobail nua, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus gach duine a amharcann ar an áit seo mar bhaile, chun a dtuairimí a nochtadh ar phróiseas an athraithe.

"Is é an dúshlán atá againn uile le chéile ná todhchaí a dhéanamh ina gcuirfear fáilte roimh gach duine".

"Caithfidh muid féin atá ag dréim le hÉirinn aontaithe spás a chruthú sa chomhrá seo dóibh siúd nach n-aontaíonn, nó a bhfuil deimhniú de dhíth orthu.

"Tá an ceart ag daoine go n-éistfear le gach ábhar imní agus buairimh"

"Is é seo an t-am le náisiún a thógáil ina léireofar flaithiúlacht agus ina sínfear lámh an chairdis".

"Is é seo an t-am le pleanáil agus oibriú d'Éirinn nua ina bhfuil mná sábháilte.

"Éire nua ina gcuirfear muinín sna mná".

"Éire nua ina gcaifear go cothrom le mná.

Chríochnaigh Lynn a cuid cainte trí thagairt a dhéanamh d'fhocail Eileen Howell, nach maireann, bean láidir eile as Béal Feirste a bhí go mór ar son an athraithe.

"Díreach an tseachtain seo caite a ainmníodh foirgneamh nua Phobal Naomh Comgall i gcuimhne Eileen Howell.

"Dúirt Eileen uair amháin go bhfuil an t-am tagtha chun deireadh a chur leis na próisis sin trína gcinnfidh daoine eile cén bealach is fearr dúinn dul. Tá na laethanta na hidirghabhála idir lucht déanta cinntí polasaí agus pobal Iarthar Bhéal Feirste thart. Éilíonn an pobal seo próiseas ina n-éistear linn, ar linne é mar phróiseas, próiseas ina ndéantar cinntí linne, ní ar ár son.

"A Mhná na hÉireann, bímis ag dúil leis an chaighdeán is airde i dtólamh. Bímis ag pleanáil don athrú le chéile agus bímis uaillmhianach san phleanáil sin."


BELFAST WOMEN'S ASSEMBLY
BELFAST WOMEN'S ASSEMBLY
WHAT MATTERS MOST?
NEW UNITED IRELAND
UK/UNION
ABAIR LEAT HAVE YOUR SAY HAE YER SPAKE
Sinn Féin





# PRÍOMHPHLÉ

I ndiaidh fáilte chroíúil agus leac an doichill a bhriseadh, chuir an Cathaoirleach Neamhspleách Eilish Rooney tús leis an phríomhphlé agus thug sí léargas do na mná ar an leagan amach.

Tugadh 3 phléchárta do gach tábla.

- Éire Aontaithe Nua – Cad é is tábhachtaí?
- An RA/Aontacht na hÉireann – Cé acu is tábhachtaí?
- Thug an tríú cárta deis don tábla ceist dá rogha féin a phlé

Ba é an smaoineamh a bhí taobh thiar de na cártaí ná struchtúr a chur ar an phlé sa dóigh is go dtiocfadh le bean ar bith a tuairimí a chur in iúl ar na rudaí is tábhachtaí di. Lean seisiún mic oscailte ón urlár gach cárta.

Bhí éascaitheoir agus glacadóir nótaí ag gach tábla.

Bhí deich mbomaite de phlé ar gach cárta ar na táblaí. Ansin thug na héascaitheoirí tuairisc ghairid ionas go mbeadh gach duine in ann rud éigin a chloisteáil a bhí á phlé sa seomra.

Ag deireadh an chéad chomhrá cártaí, bhí gach duine ar bís sa seomra.

Ba léir go raibh gach duine tógtha le tábhacht an phlé agus fonn orthu leanúint ar aghaidh.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar nótaí a glacadh ag na táblaí. Léiríodh sna nótaí ó gach tábla rannpháirtíocht leathan, phragmatach, fhiosrach agus cliste. Cé gur tugadh sna nótaí achoimre luachmhar ar na topaicí a pléadh ag gach tábla, áfach, ní féidir leo an spioradh cainte a bhí sa seomra a chur in iúl nuair a thosaigh Tionól na mBan i mBéal Feirste i mbun oibre.

Bhí an fuinneamh, an díograis agus an rannpháirtíocht dáiríre thar a bheith iontach.

Léirigh na rannchuidithe le linn na hócáide léirthuiscint shoiléir go dtiocfadh athrú praiticiúil, dearfach tarlú i saol na mban agus go dtiocfadh sé sin trí Éirinn Aontaithe.

Feachtasóirí fadtéarmacha a bhí i gcuid mhór de na mná sa seomra in earnáil na mban ar chearta agus ar chomhionannas na mban, ar fhoréigean baile, cearta atáirgthe, cúram leanaí, míchumas, aoiseachas, ceartas sóisialta

agus aeráide, an Ghaeilge, agus comhionannas pá. Bhí baint ag cuid acu le líonraí ban agus grúpaí áitiúla agus tháinig mná eile i láthair chun níos mó a fhoghlaim faoin phlé ar Éirinn nua.

Chaith siad le Tionól na mBan i mBéal Feirste mar ócáid chun feabhsuithe a bhrú chun cinn i saol an lae inniu. Bhreathnaigh siad ar an fhéidearthacht go mbeadh reifreann ar aontacht ina dheis le pleanáil a dhéanamh d'Éirinn nua ina gcinnteofar comhionannas ban, cearta inscne agus ceartas sóisialta. Bhí a dtuairim ag gach duine, agus d'éist gach duine.

Bhí mná ag gach tábla ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil faoina bhféadfaí a bheith i gceist le hÉirinn nua dóibh siúd, dá dteaghlaigh, agus dá bpobal áitiúil; cén uair a thosóidh ullmhúchán do reifreann? Cad é a bheidh ar fáil? An mbeidh idirthréimhse ann? An ndéanfar rialachas a chomhroinnt thuaidh agus theas? Léiríodh ag na táblaí go léir gur cheart go mbeadh saol laethúil na mban lárnach ag gach céim.

# ÁBHAIR PHLÉ

D'iarr mná ó chúlraí éagsúla níos mó deiseanna a bheith páirteach san obair ullmhúcháin le todhchaí chomhroinnte a mhúnlú ar an oileán. Chuir siad siúd ó ghrúpaí ban i gceantair lucht oibre in iúl go bhfuil barraíocht leanaí fós i mbochtaineacht; tá barraíocht ban nach bhfuil sábháilte i dtithe agus go bhfuil grúpaí ban nach bhfuil dóthain acmhainní ag dul dóibh le dul i ngleic le brú mar gheall ar thithíocht neamhleor, an droch-oideachais agus mar gheall ar an chúram sláinte nach féidir teacht air. D'admhaigh siad go bhfuil na heispéiris seo á roinnt ag mná i gceantair dhílseacha agus phoblachtacha. Feiceann cuid acu gur deis iad comhráite bunreachtúla brú a chur ar cheartas inscne trasnaithe láithreach bonn.

Bhí na mná ar lorg sonraí faoin dóigh a n-éiríonn le deisceart na hÉireann agus tuaisceart na hÉireann maidir le sochair stáit; Cúram sláinte; oideachas; tithíocht; fostaíocht; timpeallacht. D'fhiafraigh siad faoin dóigh a ndéanfaí comhionannas, sábháilteacht agus cearta na mban a fheabhsú agus a chosaint in Éirinn nua?

Chuir roinnt acu in iúl gur mhaith leo dul i mbun comhráite bunreachtúla ar bhonn uile-oileáin; a bheith páirteach i gclár forásach rialachais a fhorbairt in Éirinn nach bhfuil comhionannas sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus cultúrtha na mban ina mhian amháin ach fíor. Bhí siad ag dúil le hÉirinn ina bhfeicfear

agus ina gcloisfear mná ag déanamh cinntí a bhainfidh le ceartas aeráide, an tsláinte agus an cúram sóisialta is fearr is féidir, agus an cúram leanaí agus an t-oideachas is fearr i gceantair uirbeacha agus thuaithe. Moladh ag tábla amháin gur cheart go mbeadh Aire Cúram Leanaí san Éirinn nua.

Shamhlaigh Tionól na mBan i mBéal Feirste Éire nua mar cheann a chuirfeadh deireadh le tithíocht neamhleor, le bochtaineacht eacnamaíoch, agus le diomailteacht pholaitíocht na críochdheighilte.

D'aithin gach duine nach slat draíochta é reifreann ar athaontú na hÉireann chun coinníollacha shaol na mban imeallaithe ar fud an oileáin a shocrú. Mar sin féin, sa bhliain ar chomóradh cúig bliana is fiche de Chomhaontú Aoine an Chéasta, tugadh aghaidh arís ar na gealltanais a rinneadh ann do chomhionannas, cearta agus ceartas sóisialta le linn an chruinnithe.

Bhí mothú soiléir sa seomra nár cheart go mbeadh 'Éire Nua' díreach ina cumasc thuaidh agus theas mar atá sé anois agus go bhfuil fíordheiseanna againn rud éigin 'nua' agus 'níos fearr' a chruthú.

Ba mhór ag gach duine an deis a bheith acu páirt a ghlacadh. D'fhág daoine an seomra ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil, fiosrach faoi na chéad chéimeanna eile agus fonn orthu a bpáirt a ghlacadh.



# ÉIRE NUA AONTAITHE - CAD É IS TÁBHACHTAÍ?

eo cuid de na ceisteanna a ardaíodh:

Cearta & Comhionannas

CUIMSITHEACHT

**Cearta míchumais**

DEISEANNA DO DHAOINE ÓGA

**Éagsúlacht**

**Seirbhísí máithreachais agus ginmhillte ar ardchaighdeán**

Aitheantas trasphobail

**Seirbhís sláinte oibre do chách**

OIDEACHAS IMEASCTHA

Struchtúir rialachais

*Tionóil Réigiúnacha*

CEARTA BAN

Tacaíocht don phobal LADTA+

**CEARTA D'INIMIRCIGH AGUS NEAMHNÁISIÚNAIGH**

DEIREADH A CHUR LE BEARNAÍ PÁ

**Cúram leanaí inacmhainne**

**Cothromaíocht mhaith oibre agus saoil**

***GEILLEAGAR LEASAITHE***

CÓRAS OIDEACHAIS GAN CUR ISTEACH REILIGIÚNACH

**POIST**

Tús nua

BONNEAGAR

*Ullmhúchán*

**Feasacht**

PLEANÁIL

Foighne

***SOCHAIR***

Pinsean

***MOTHÚ SÁBHÁILTE***

Ag obair le chéile

**Ag déanamh íobairtí**

DUL I NGLEIC LE MÍ-ÚSÁID TEAGHLAIGH

Cearta oibrithe

**an tAontas Eorpach**

# AN RA/ An tAONTAS - CÉ ACU IS TÁBHACHTAÍ?

Seo cuid de na ceisteanna a ardaíodh:

GUTHANNA

**Féiniúlacht**

*Teanga*

DEISEANNA GNÓ

Níos fearr as ó thaobh airgeadais de?

*Pas Briotanach*

**Ar mhaith leis an deisceart muid?**

**Seanstair**

Ag mothú nach bhfuil fáilte romhainn

Reachtaíocht Westminster - an dtabharfar sin trasna?

NEAMHAIRD Á DÉANAMH ORAINN

**Cé dó a vótálfaimid?**

*NÍ FÉIDIR DEARMAD A DHÉANAMH AR AN STAIR*

Mórshiúlta

**Glacadh**

***Caidreamh pobail***

STATUS QUO

CAIDREAMH POBAIL

Eagla roimh athrú

**Caillteanas NHS**

An mbeidh orm an Ghaeilge a fhoghlaim?

MIOTAIS Á SCRIOSADH

**Oideachas saor in aisce**



# CEISTEANNA TÁBHACHTACHA EILE

Seo cuid de na ceisteanna a ardaíodh:

Sábháilteacht na mban

CEARTA INSCNE

**Bochtaineacht**

EASPA DÍDINE

Comhionannas pá uile-oileáin

**Aoiseachas**

RIALACHAS

Cuimheacháin

**SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE**

Bille um Chearta do Mhná

CEARTA TRASINSCNEACHA

***Buntáiste ag Fir***

'PÁISTÍ GAN OIDHREACHT'

**Dúbláil Seirbhísí**

Athrú sa tseachtain oibre

CREIDEAMH

**Costas maireachtála**

Is gá 'TÉ a chur ag obair ar dtús'

Foirgneamh Saibhreas Pobail

GÉARCHÉIM AERÁIDE

***Turasóireacht***

**IDIRBHLIAIN**

Cumarsáid

***MUINÍN***

Tacaíocht Meabhairshláinte

**Próiseas de réir a chéile**

TIONÓL NA SAORÁNACH

Seirbhís póilíneachta

**Córas ceartais**

STÁTSEIRBHÍS

# CONCLÚID

Ón tús, bhí Tionól na mBan i mBéal Feirste níos fearr ná mar a síleadh a bheadh sé.

Roimhe seo, bhí mná i láthair agus go minic feiceálach ag cruinnithe poiblí den Choimisiún um Thodhchaí na hÉireann. Sna cruinnithe sin chuir daoine tuairimí in iúl bunaithe ar a gcuid saineolais san abhcóideacht agus sa ghníomhaíochas, agus i dtaighde a bhain le lucht féachana áitiúil.

Bhí difríocht idir Tionól na mBan i mBéal Feirste sa mhéid is gur iarradh ar gach duine sa seomra a dtuairimí a chur in iúl, 'a bheith uaillmhianach' agus labhairt go húdarásach bunaithe ar  a dtaithí féin.

Bhí saoirse ag Tionól na mBan i mBéal Feirste 'a bheith uaillmhianach' agus a bheith réalaíoch.

Tháinig deireadh leis an imeacht le mic oscailte ón urlár. Tháinig deireadh leis nuair a d'iarr Eilish Rooney go dtaispeánfaí go raibh gá le Rialtas na hÉireann Tionól Saoránach ar Thodhchaí na hÉireann a thionól. Bhí an freagra dearfach iontach.



# TEISTIMÉIREACHTAÍ

*"Clúdaíodh go leor agus cheadaigh an fhormáid rannpháirtíocht iontach. Ach is ábhar ollmhór é seo agus mar sin bíonn níos mó le rá i gcónaí. De réir mar a théann an t-ullmhúchán ar aghaidh ba cheart go mbeimid in ann dul níos doimhne isteach i ngach ábhar. Beidh gné inscne ag gach saincheist."*

*"Ba mhaith liom cloisteáil ó ghrúpaí sainleasa cosúil le tionól saoránach. Ar an iomlán, ócáid agus tionscnamh iontach a bhí ann. Ba mhaith liom plé leantach a fheiceáil ar cad is ceart a bheith ag 'caighdeán óir' chearta na mban in Éirinn aontaithe, rud ar féidir linn go léir tacaíocht a thabhairt dó agus a mholadh."*

*"Bhí na comhchainteanna comhstádais ar fheabhas chun daoine a chur ar a suaimhneas agus chun ligint dóibh labhairt go muiníneach. Teastaíonn níos mó de na himeachtaí cuimsitheacha agus éagsúla seo ó gach duine."*

*"Ocáid den scoth a bhí ann. Go pearsanta, bhí an t-eolas agam maidir le saincheisteanna a raibh daoine eile (a mheasfainn a raibh tuairimí comhchosúla agam) paiseanta ina leith. Tús iontach a bhí ann. Míle buíochas le gach duine a d'eagraigh an ócáid."*

*" Teastaíonn plean uainn chun é a chur i gcrích - na céimeanna a thógaimid go léir le chéile , ceann ar cheann , go réidh agus go huilechuimsitheach , téarnamh a dhéanamh maidir le héagóirí san am atá thart tríd an rud ceart a dhéanamh anois… le chéile."*

*"Caithfidh muid stocaireacht a dhéanamh ar rialtas na hÉireann leis an phleanáil. Is gá Tionól na Saoránach a bhunú ar Aontacht na hÉireann. Ní féidir linn ligean do Breatimeacht eile tarlú. Tá páirt ollmhór le himirt ag mná agus tá go leor acu gníomhach cheana féin i ngrúpaí ar nós Gael le chéile, Todhchaí na hÉireann srl. Tá freagracht orainn go léir a bheith páirteach sa phlé agus é seo a dhéanamh níos fearr do gach duine."*

*"Bheadh an-áthas orm freastal ar imeacht eile, mar a bheadh an 5 duine a bhí in éineacht liom. Mhothaigh muid gur sé deis dúinn machnamh nua a dhéanamh"*











THE COMMISSION ON THE FUTURE OF IRELAND
AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA hÉIREANN
1. NEW UNITED IRELAND
27TH JUNE 2023
BELFAST WOMEN'S ASSEMBLY
BELFAST WOMEN'S ASSEMBLY
THE COMMISSION ON THE FUTURE OF IRELAND
AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA hÉIREANN




ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
THE NEW IRELAND IS FOR EVERYONE
THE COMMISSION
ON THE FUTURE
OF IRELAND
AN COIMISIÚN
UM THODHCHAÍ
NA hÉIREAN




ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
THE NEW IRELAND IS FOR EVERYONE
THE COMMISSION
ON THE FUTURE
OF IRELAND
AN COIMISIÚN
UM THODHCHAÍ
NA hÉIREANN
Sinn Féin
www.sinnfein.ie/futureofireland



SinnFein @sinnfeinireland @sinn_fein www.sinnfein.ie